

An Togra 5x5

Níl Aon Teorainn le Cúig



le

SIMON BOYLE
PHOTOGRAPHY

Seo cúpla leid ghrianghrafadóireachta duit!


1. Tóg grianghraif ón gcroí. Lean an rud a mhúsclaíonn do shúil, ní do cheann. Mura bhfuil suim ag do chroí ná ag do shúil sa phictiúr, ní bheidh suim ag do pheann inti ach an oiread.
2. Triáil gan an splanc ar do cheamara a úsáid-cuireann sé cuma mhínádúrtha ar na pictiúir. Má tá sé dorcha, leag do cheamara ar rud éigin agus/nó úsáid solas saorga le d'ábhar a shoilsiú. Ní gá go mbeadh solas cothrom ar chuile rud le grianghraf shuimiúil a thógáil. Go deimhin, d'fhéadfadh meascán de sholas agus de scáileanna doimhneacht a thabhairt do do phictiúr.
3. Bí cruthaitheach ag úsáid fócais. Scaití cruthaíonn grianghraf le fócas bog, nó grianghraf atá as fócas, atmaisféar níos fearr ná grianghraf atá an-soiléir.
4. Ní mar an gcéanna gach grianghraf. Bíonn an chuid is mó de na grianghraif a fheiceann muid in irisí, i leabhair agus ar líne ullmhaithe agus bíonn roinnt cur i gcéill i gceist leo. Má tá íomhá agat i d'intinn, bí cruthaitheach agus tabhair rudaí le chéile le do phictiúr a tharraingt.

Bíodh spraoi agat leis. Bíodh do chuid smaointe agus do chuid rialacha féin agat.

5. Triail pictiúir a thógáil de do ghnáthshaol. Píoc lá go mbíonn an ceamara réidh agat agus tóg pictiúir d'aon rud a tharlaíonn an lá sin. Ná cuimhnigh an iomarca air, níl ort ach pictiúir a thógáil d'aon rud a spreagann thú. Ní hionainn aon dhá lá. Is féidir leis an ngrianghrafadóireacht cabhrú linn a bheith buíoch den rud atá díreach os ár gcomhair, fiú amháin ar dhrochlaethanta. Nuair a ghactar pictiúr de rud éigin simplí a tharlaíonn agus nuair a fhéachtar siar air níos deireanaí, is féidir leis an chaoi a mbreathnaíonn muid ar an lá ar fad a athrú.

Bain sult as, agus ná cuimhnigh an iomarca air.

Mar shampla, spreag an grianghraf seo an líne, "Tá athruithe móra ag teacht."



Grianghraf le Simon Boyle